Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 1 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Varhoven administrativen sad – an Bhulgáir) – DELID EOOD v Izpalnitelen direktor na Darzhaven fond "Zemedelie"

(Cás C-409/21) ([1])

(Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) – Maoiniú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) – Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 – Cabhair infheistíochta – Reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear de choinníoll le deonú na tacaíochta go ndéanfaidh an duine a dhéanann iarratas ar thacaíocht deimhniú clárúcháin saoráide beostoic in ainm an duine sin a thíolacadh agus go dtaispeánann sé gur ionann, ar dháta chur isteach an iarratais, aschur ghabháltais talmhaíochta an duine sin agus EUR 8 000 ar a laghad.)

(2023/C 35/12)

Teanga an cháis: an Bhulgáiris.

An chúirt a rinne an tarchur

Varhoven administrativen sad

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: DELID EOOD

Cosantóir: Izpalnitelen direktor na Darzhaven fond "Zemedelie"

An chuid oibríochtúil

1) Maidir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE) 2017/2393 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2017,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear de choinníoll le deonú na tacaíochta dá dtagraítear san fhoráil sin go ndéanfaidh an t-iarratasóir deimhniú clárúcháin saoráide beostoic ina ainm a thíolacadh.

2) Maidir le hAirteagal 17 de Rialachán Uimh. 1305/2013, arna leasú le Rialachán 2017/2393,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear de choinníoll le deonú na tacaíochta dá dtagraítear san fhoráil sin go dtaispeánfaidh an t-iarratasóir gur ionann, ar dháta chur isteach an iarratais, aschur ghabháltais talmhaíochta an duine sin agus EUR 8 000 ar a laghad.

([1]) IO C 401, 04.10.2021.